# NUACHT ÉICEA-SCOILEANNA

Bealtaine 2016

## San eagrán seo:


- Buaiteoirí Chomórtas Dathadóireachta Alpha
- Seachtain Bus agus Traenach Translink
- Feachtas na nGráinneog - Poill sconsa riachtanacha
- Nuacht Scoileanna - Bua ag Éicea-Scoileanna ag Seó Garraíodóireachta Éireann
- Nuacht Chomhpháirtithe - Nuacht Chomhairlí ar fud TÉ
- Comórtais - Buanna Filíochta TÓT agus Trócaire
- Nuacht eile - Acmhainní Paileoir Sóisearach
- Brait Ghlasa na míosa


## Buaiteoirí Chomórtas Dathadóireachta Nuachtáin Alpha agus Éicea-Scoileanna

B'ábhar mór ríméid ag Éicea-Scoileanna a bheith ag obair le grúpa nuachtán Alpha i mí Aibreáin chun comórtas dathadóireachta a reáchtáil. Fógraíodh an Comórtas sa Tyrone Courier, Ballymena Guardian, Antrim Guardian, Newry Democrat, Strabane Weekly Need, Ulster Gazette, County Down Outlook, Coleraine Chronicle, Ballycastle Chronicle, Ballymoney Chronicle, Northern Constitution agus sa Tyrone Constitution.

Tugadh teimpléad bán scoile sa chomórtas a raibh ar dhaltaí é a mhaisiú le smaointe éiceabhácha agus ansin é a dhathú isteach. Bhain triúr daltaí turas ranga chuig tarraingtí mealltacha Thuaisceart Éireann agus an t-iompair curtha ar fáil le caoinchead Translink. Bhain na tánaistí fosta boscaí bruscair dá scoileanna le caoinchead Heyn Environmental.

Bhí lúcháir orainn gur cuireadh suim chomh mór sin sa chomórtas agus fuarthas lear iontrálacha ealaíonta, rud a d'fhág an mholtóireacht an-deacair. Comhghairdeas agus buíochas le gach duine a ghlac páirt agus a roinn a gcuid éiceasmaointe iontacha linn.

Ba iad na buaiteoirí ó gach réigiún, lena sáriontrálacha:
Emily Lavery - St. Patrick's Primary, Eanach Mór.
Rhianna Gillespie - Lisnadill Primary, Ard Mhacha.
Libby Ellis - Creavery Primary, Aontroim.




*An pictiúr a bhain, le Emily Lavery, St Patrick's Primary, Annaghmore*

Is iad na tánaistí a bhain na boscaí bruscair: Aaron Oliver, Cortamlet Primary, an tIúr; Nick Holden, Irvinestown Primary; Rebekah Gordon, Kilrea Primary; Ellie McCullagh, Drumhillery Primary, Ard Mhacha; Aimee Robinson, St. Patrick's Primary, an Baile Meánach; Sophie Meyer, Windmill Integrated Primary, Dún Geanainn; Ryan McFarlane, St. Mary's Primary, Domhnach Mór; Noah Mullen, St. Mary's Primary, an Srath Ban; Elana McMinn, Donaghmore Primary, Dún Geanainn; Victoria Martin, Kingsmills Primary, Ard Mhacha; Shona McAteer, Carrick Primary, an tIúr; Aoife O'Kane, Crossroads Primary, Cill Ria.

## Seachtain Bus agus Traenach, 6 – 12 Meitheamh #GetonboardNI

### Cóisir a mbeidh TRAEIN spraoi inti d'aon TURAS!

Tá sé in am páirt a ghlacadh sa chéad **Seachtain Bus + Traenach, 6 -12 Meitheamh 2016**, le ceiliúradh a dhéanamh ar na sochair uile a bhaineann le hiompar poiblí.



Tá an líonra iompair s'againn i lárnach i rathúlacht TÉ sa lá atá inniu ann agus sna blianta atá le teacht, chun sochaí níos glaine, níos glaise, níos sábháilte agus níos soghluaiste do gach duine. Mar sin de, is tábhachtach go dtuigfeadh an t-aos óg tairbhí an iompair phoiblí ionas go mbeidh todhchaí níos fearr ann.

Ba bhreá le Translink, ár gcomhpháirtí Éicea-Scoileanna, dá gcuideofá leo a chinntiú go n-éireoidh go geal leis an t**Seachtain Bus + Traenach**.

Bealaí is féidir le do scoil a bheith páirteach: daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí á spreagadh dul le hiompar poiblí uair amháin ó 6 – 12 Meitheamh 2016.

### BAINT BAINT BAINT!

Gach scoil a sheolann fianaise chuig Translink ar a gcuid gníomhaíochtaí agus ceiliúrthaí Seachtain Bus+Traenach cuirfear iad i gcomórtas duaise le turas ranga áit ar bith i dTuaisceart Éireann (suas le 50 duine) a bhaint. Dé Luain 13 Meitheamh 2016 an spriocdháta le haghaidh iontrálacha. [Caithfear an turas scoile a dhéanamh roimh dheireadh Mheitheamh 2017]

**An 10 gCúis is Mó a mbítear ag úsáid Iompar Poiblí**

1. Strus a laghdú
2. Cuidiú leis an timpeallacht
3. Trácht a sheachaint
4. Do shláinte a fheabhsú
5. WiFi saor
6. Áisiúlacht
7. Sábháilteacht Bhóthair níos fearr
8. Do phoncúlacht a fheabhsú
9. Néal codlata a dhéanamh
10. Sóisialú i ndiaidh na hoibre.

Grianghraif de gach duine a úsáideann seirbhísí bus nó traenach a sheoladh chuig **@Translink_NI #GetonboardNI** agus roinnfidh Translink iad lena 80k+ leantóir sna meáin shóisialta. **Cliceáil le haghaidh tuilleadh smaointe iontacha anseo.**

Cibé cad é a dhéanann tú le Seachtain Bus + Traenach a cheiliúradh, is mian le Translink cluinstin uait! Cliceáil - www.translink.co.uk/busandtrainweek le haghaidh na sonraí ar fad. Níl am is fearr leis an bhus agus an traein a bheith ina gcéad rogha agat chun taistil!

# Feachtas na nGráinneog -

*Tá Éicea-Scoileanna ag iarraidh ar gach scoil cuidiú lenár ngráinneoga dúchasacha. Sna 1950í, measadh go raibh 36.5 milliún gráinneog sa Bhreatain. Is cosúil anois go bhfuil níos lú ná 1 mhilliún gráinneog fágtha.*

Taistealaíonn gráinneoga tuairim ar mhíle amháin gach oíche trínár gcuid páirceanna agus garraithe agus iad ag iarraidh teacht ar bhia agus ar chéile. Má tá garraí dúnta agat seans go bhfuil tú ag cur bac ar a gcuid pleananna.

Is eol dúinn anois gur ceann de na príomhchúiseanna a mbíonn titim i líon na ngráinneog sa Bhreatain go mbíonn ár gcuid sconsaí agus ballaí ag éirí níos daingne ná riamh, agus laghdaíonn sé sin an méid talaimh atá ar fáil dóibh.

Is féidir linne a saol a éascú beagán trí na baic a bhfuil smacht againn orthu a bhogadh ar shiúl – mar shampla, trí phoill a dhéanamh inár gcuid sconsaí garraí agus ballaí nó thíos fúthu le go dtig leo dul tríothu. Ní gá go mbeadh an bhearna níos mó ná 13x13cm nó 5 orlaí cearnacha agus mar sin de beidh sé róbheag don chuid is mó de na peataí.



www.rspb.org.uk

D'fhéadfá:

- Bríce a thógáil amach ó bhun an bhalla
- Poll beag a ghearradh i do sconsa sa chás nach bhfuil aon bhearna ann
- Cainéal a thochailt faoi do bhalla, sconsa nó geata

Breathnaigh ar www.hedgehogstreet.org le níos mó smaointe a fháil. Má chonaic tú gráinneoga ar thailte do scoile nó má tá leideanna lu-achmhara agat chun roinnt linn, déan teagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org amharc ar Fheachtas na nGráinneog ar ár suíomh idirlín.

## Nuacht Scoileanna:

## Crochann Éicea-Scoileanna leo na chéad duaiseanna ag Seó Garraíodóireachta Éireann

Comhghairdeas leis na hÉicea-Scoileanna go léir a bhain duaiseanna ag Seó Garraíodóireachta Éireann a reáchtáladh ag Garraithe Chaisleán Aontroma i mí na Bealtaine. Ghnóthaigh scoileanna go maith sa chatagóir do gharraíodóireacht árthaigh inite agus bhain Ballycraigy Primary, Éicea-Scoil Ambasadóra do Thailte Scoile, Corn Eppie Schierbeek dá dtaispeántas garraí. Léigh tuilleadh …





*Baineann Ballycraigy Primary Corn Eppie Schierbeek—tá siad sa phictiúr thuas le Monty Don ar clé.*

# Nuacht Chomhairlí:

## Imeacht Éicea-Scoileanna Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste

Tá Comhairle Cathrach Bhéal Feirste ag beartú ócáid ceiliúrtha le haghaidh chomórtas athchúrsála Dhúshlán Mór Wheelie/Wheelie Big Challenge agus Brait Ghlasa. Tá an ócáid le bheith i Halla Mór Halla na Cathrach ar 10 Meitheamh. Iarrfar ar scoileanna a n-iontrálacha deiridh a chur isteach ar chomórtas Mór Wheelie agus sult a bhaint as siamsaíocht de chuid Eco-Mantella agus Doodlebugs le linn dóibh a n-éicea-éachtaí a cheiliúradh.

## Cathair Dhoire agus an Srath Bán - Buaiteoirí Chomórtas Athchúrsáil Adhmaid

Fuair buaiteoirí bunscoile an chomórtais Athchúrsáil Adhmaid, a eagraíodh mar chuid de Bhliain Eolaíochta agus Nuálaíochta Chomhairle Ceantair Dhoire agus an tSratha Báin, fuair siad a gcuid duaiseanna are 22 Aibreán. Tugadh deis do na daltaí taispeántán adhmad athchúrsáilte a dhearadh dá ngarraí/clós scoile agus seans a bheith acu ar choimisiún a fháil ó 4rs Recycling lena shuíomh ina scoil. Bhí cead ag scoileanna roghnú ó roinnt catagóirí a chlúdaigh cleachtas na n-ábhar STEM ina measc taispeántán ealaíne, troscán garraí, nó téamaí dúlra agus súgartha. Ba iad na scoileanna a bhuaigh Sion Mills Primary, an Srath Bán; St. Paul's Primary, Doire; agus Chapel Road Primary, Doire.



*Sion Mills Primary*

## Ceiliúrann Comhairle Buirge Chathair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna & Chreag Abhann Bliain Bhia agus Deochanna TÉ

Tá Comhairle Buirge Chathair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna & Chreag Abhann ag ceiliúradh Bhliain Bhia agus Deochanna TÉ trí himeachtaí leis an téama 'fás do chuid féin' ag margaí i gceantar na comhairle ar feadh an Mheithimh. Tugtar cuireadh duit teacht agus foghlaim faoi mhúiríniú agus faoi do fhleá inite féin a phlandú. Beidh ócáidí ar siúl sna hionaid seo a leanas:
Margadh an Lorgain – Déardaoin 23-Meitheamh
Margadh an tSeamlais Ard Mhacha – Dé hAoine 24-Meitheamh
Margadh faoi Dhíon Phort an Dúnáin– Dé Sathairn 25-Meitheamh
Chun páirt a ghlacadh nó níos mó a fhoghlaim deán teagmháil le David.Phillips@armaghbanbridgecraigavon.gov.uk



## Bee Curious - Dé Sathairn 11 Meitheamh



Déantar ceiliúradh san imeacht Fiosrú Beach (*Bee Curious*) ag Ionad Fionnachtana Loch nEathach ar luach na bpailneoirí agus ar an tábhacht atá leo maidir le táirgeoirí áitiúla bia agus le saol na tuaithe trí chéile. Tugann an lá teaghlaigh seo atá saor in aisce léargas spreagúil dúinn ar dhomhan draíochta na mbeach trí thaispeántas a thabhairt ar choirceog bheo ina dtig leat beacha a fheiceáil i mbun oibre le do shúile cinn féin, gach rud a fhoghlaim faoi bheachaireacht agus amharc ar an trealamh a úsáidtear, an dóigh le do gharraí a dhéanamh tarraingteach ag na pailneoirí seo chomh maith leis an deis a bheith agat táirgí céarach a cheannach ina measc mil ghalánta agus cosmaidí sómasacha!
Arna eagrú ag Comhairle Buirge Chathair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Chreag Abhann, tarlóidh Bee Curious dé Sathairn 11 Meitheamh óna 11am go dtí a 4pm. Is gá siúlóidí treoraithe ar an lá a chur in áirithe roimh ré.
Breathnaigh ar www.facebook.com/oxfordislandnaturereserve le níos mó a fháil amach nó déan teagmháil leis an Ionad Fionnachtana ar 028 3831 1673.

**Buíochas mór leis na Comhairlí seo a leanas a thugann tacaíocht do Chlár Éicea-Scoileanna**

Derry City & Strabane District Council · Causeway Coast and Glens · Antrim and Newtownabbey Borough Council · Ards and North Down Borough Council · Belfast City Council · Fermanagh & Omagh District Council · Armagh City Banbridge & Craigavon Borough Council · Newry, Mourne and Down District Council · Mid & East Antrim Borough Council · Mid Ulster District Council


Trócaire
Working for a just world.

# Comórtas Filíochta

Buíochas mór le gach scoil a chuir iontrálacha isteach ar chomórtas filíochta Trócaire. Is iomaí dán iontach a cuireadh isteach, ag amharc ar cheist thromchúiseach na himirce a tharlaíonn de bharr athrú aeráide, agus an aighnis a thig ina chosamar.
Comhghairdeas leis na scoláirí seo i gcatagóir 11-15 bliana as Tuaisceart Éireann ar tugadh aitheantas dá ndánta:

- 3ú duais do David Merron in Lagan College, Caisleán Riabhaigh, ar son 'Difference' (ar dheis) .
- Ardmholadh ag dul d'Anna McGivern in Dominican College, Béal Feirste, ar son 'Forced to Flee'.

Ná déan dearmad breathnú ar na hacmhainní iontacha ar an topaic seo agus ar a lán ábhair eile faoi Pheirspictíocht Dhomhanda ar shuíomh gréasáinTrócaire.




## Difference

You complain about the weather,
My country drowns every year.
You're sad one flower has died,
My entire crop is gone in one day.

You cheer over sunny weather,
My land cries as it is burnt.
Your jobs pay well.
I have no job.

You hear of one death,
I hear of hundreds.
You start your car,
I start to walk.

You get stuck in traffic,
I get stuck at the border.
Your job is five minutes away,
My safety is far more.

Your country pollutes,
As my country watches on.
As my country is dying,
Your country lives on.

You get to stay while I've got to go,
This is my Exodus, so now you know.

*David Merron, Lagan College- aois14.*

# Nuacht Éicea-Scoileanna Idirnáisiúnta:

## Tuairisceoirí Óga don Timpeallacht (TÓT)/Young Reporters for the Environment (YRE)

Is iomaí iontráil iontach a bhí againn sa chómórtas TÓT/YRE i mbliana. Buíochas mór leis na scoileanna go léir a chuir isteach iontrálacha. Bhí lúcháir orainn an iontráil físeáin ó Parkview School, i Lios na gCearrbhach, a chur ar aghaidh chuig an Chomórtas Idirnáisiúnta a ndéanfar moltóireacht air ar 6 Meitheamh. Faightear níos mó eolais ar an chomórtas TÓT/YRE an-seo.

## Tá ball Chéinia, KOEE, ag obair chun an teas a ísliú san Afraic

Is sraith d'acmhainní eolais agus ar líne é *Joto Afrika*, a chiallaíonn 'tá an Afraic faoi bhrú teasa' sa Svahaílis, ina ndéantar tuairisciú ar athrú aeráide san Afraic fho-Shahárach. Baineann sé leas as ceachtanna, eispéiris agus eolas praiticiúil ó roinnt tíortha fo-ShahＡracha.

I ndiaidh do na daltaí iniúchadh comhshaoil a dhéanamh, d'éirigh le Bunscoil Mhuire i gContae Machakos, an méid connaidh a úsáidtear sa téarma a laghdú. Mar gheall ar níos mó éifeachtúlacht acmhainní tháinig feabhas ar chlár cothaithe na scoile, agus d'ardaigh an líon cailíní sa scoil ó 50 go 200. Léigh tuilleadh faoi ...

# Nuacht Keep Northern Ireland Beautiful:

Tá Éicea-Scoileanna i dTuaisceart Éireann á reáchtáil ag an charthanas Keep Northern Ireland Beautiful. Seo na scéalta is deireanaí nuachta ó rannóga eile dár n-eagraíocht:

## Torthaí Mhórghlantóireacht an Earraigh - cur i gcuimhne

Míle buíochas do gach duine a chinntigh gurbh ócáid iontach í Mórghlantóireacht an Earraigh arís i mbliana. Is mian linn a bheith ábalta tuairisciú ar na gníomhartha iontacha uilig a rinne sibh le Tuaisceart Éireann a ghlanadh le cúpla mí anuas. Mar sin de seol chugainn bhur gcuid torthaí. Is féidir libh iad a logáil ar shuíomh gréasáin Is Breá Linn an Baile Seo/Live Here Love Here nó iad a chur anseo.



## Deontais Bheaga Is Breá Linn an Baile Seo/Live Here Love Here

Is gearr go bhfógrófar scéim na miondeontas atá ag Is Breá Linn an Baile Seo/Live Here Love Here. Is deis iontach é seo le roinnt airgid a fháil chun do cheantar a ghlanadh agus lena thaispeáint gur breá leat an baile s'agat. Coinnigh súil ar shuíomh gréasáin Is Breá Linn an Baile Seo/Live Here Love Here le haghaidh tuilleadh eolais.

**Ná déan dearmad do thacaíocht don fheachtas Is Breá linn an Baile seo a ghealladh agus an nuacht is deireanaí a fháil faoi na rudaí atáthar a dhéanamh sa phobal.**

## Nuacht Eile:

Tá sraith treoirlínte ann a eisíodh ar na mallaibh a théann leis an Phlean Pailneora Uile Éireann. Mínítear sa leabhrán seo **24 gníomh** is féidir le pobail áitiúla a dhéanamh le cuidiú le pailneoirí. Tá sé dírithe go príomha ar Chumainn Pobail agus ar Choláistí.

Do scoileanna ar suim leo cuidiú le pailneoirí tá an Plean Pailneora Sóisearach ann atá níos sothuigthe ag daltaí. Más pailneoir thú, is é do sháith bia a aimsiú an dúshlán is mó a bhíonn romhat. De dheasca titim i líon na mbláthanna fiáine tá ár gcuid pailneoirí ag fáil bháis den ocras. Ciallaíonn spraeáil an leasaithe gur tháinig méadú san fhómhar, ach gur tháinig titim mhór, dá réir, i líon na mbláthanna fiáine, i ngnáthóga ghoirt bhainistithe agus i ngnáthóga leathnádúrtha ar na gaobhair. Ó tharla claonadh a bheith againn an tírdhreach a chóiriú seachas ligean do bhláthanna fiáine fás ar feadh na mbóithre, teorainneacha páirce, agus inár gcuid páirceanna poiblí, garraithe agus tailte scoile bíonn tionchar mór aige sin agus níos lú de na foinsí seo a bheith ar fáil.

Íoslódáil cóip den Phlean Sóisearach Pailneora ar acmhainn iontach é leis an topaic a theagasc agus a thugann a lán smaointe ar bhealaí le cuidiú le beacha.

## Crainn in aisce!

Tá Iontaobhas na gCoillte (Woodland Trust) ag deonú pacáistí crainn dhúchasacha in aisce ar scoileanna agus ar ghrúpaí pobail.

Is féidir le grúpaí roghnú idir pacáistí de 30, 105 nó 420 buinneán, ag brath ar oiread spáis atá ar fáil don phlandáil. Is féidir roghnú ó mheascáin éagsúla de speicis chrann fosta, ina measc pacáistí ar théama an fhómhair, breosla adhmaid agus fiabheatha.

Is dóigh iontach í plandáil chun cuidiú le páistí agus le daoine óga ceangal a dhéanamh leis an dúlra agus foghlaim faoi. Le tuilleadh eolais a fháil, gabh chuig www.woodlandtrust.org.uk/freetrees.

## Brait Ghlasa na míosa seo

Tréaslaímid leis na scoileanna uilig ar ghradam an Bhrait Ghlais a ghnóthú an mhí seo caite. Is iontach linn i dtólamh mar a léiríonn daltaí agus foirne scoile a gcuid eolais agus díograise i Scoileanna an Bhrait Ghlais agus caithfimid a ngradam iontach a thréaslú leo.

Comhghairdeas an mhí seo le:

- Londonderry Primary, Baile Nua na hArda
- St Columba's College, Port an Pheire
- Crossroads Primary, Cúil Raithin
- Fleming Fulton School, Béal Feirste
- St Mary's Primary, Baile na Croise
- Culnady Primary, Machaire Rátha
- St Malachy's Nursery, an tIúr
- Bessbrook Primary, an tIúr
- Knockbreda Primary, Béal Feirste
- St Patrick's Primary, Inis Ceithleann
- Kindertee Community Playgroup, Inis Ceithleann
- Hezlett Primary, Cúil Raithin
- Oakwood Integrated Primary, Béal Feirste
- Kesh Primary, Inis Ceithleann
- St. Martin's Primary, Inis Ceithleann
- Mercy Primary, Béal Feirste
- Victoria Primary, Baile Nua na hArda
- Tullygally Primary, Creag Abhann
- Castle Gardens Primary, Baile Nua na hArda
- St Patrick's Primary, Achadh Gallan
- Ravenscroft Nursery, Béal Feirste
- Killyman Primary, Dún Geanainn
- Holy Family Primary, Machaire Fíolta
- St Patrick's Primary, Ard Mhacha
- D H Christie Memorial Primary, Cúil Raithin
- Downpatrick Nursery, Dún Pádraig
- St Olcan's Primary, Oirthear Maí
- St Malachy's Primary, Ard Mhacha
- St Malachy's Primary, an tIúr
- St Jarlath's Primary, Dún Geanainn
- Trinity Nursery, Beannchar
- St Peter's Primary, An Chorr Chríochach
- Carrick Primary, Rinn Mhic Giolla Rua
- Blessed Patrick O'Loughran Primary, Dún Geanainn
- St Kieran's Primary, Béal Feirste
- St Mary's Primary, Port Chluain Eoin
- Round Tower Integrated Primary, Aontroim
- Linn Primary, Látharna
- St Macnissi's Primary, Látharna
- Mill Strand Integrated Primary, Port Rois
- Tattygar Primary, Inis Ceithleann
- Holy Trinity Primary, Inis Ceithleann
- Holywood Primary, Ard Mhic Nasca
- St Bernard's Primary, Gleann Ghormlaithe



*Londonderry Primary, Baile Nua na hArda*



*Kindertee Community Playgroup, Inis Ceithleann*




*Bessbrook Primary, an tIúr*



*Crossroads Primary, Cúil Raithin*



*St Mary's Primary, Port Chluain Eoin*



*Fleming Fulton School, Béal Feirste*

**Déan teagmháil linn ag:**

Éicea-Scoileanna Tuaisceart Éireann
Keep Northern Ireland Beautiful
Bridge House, 2 Ascaill Paulett
Béal Feirste, BT5 4HD
Tel: 028 9073 6920 eco-schools@keepnorthernirelandbeautiful.org

**Ná stad ansin! Le teacht ar thuilleadh nuachta, smaointe tionscadal, treoir ar chláir, cás-staidéir, eolas ar chomhpháirtithe seachadta, agus a lán eile, gabh chuig suíomh gréasáin Éicea-Scoileanna Thuaisceart Éireann.**